



**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Central Statistics Office



# Ráiteas Straitéise 2015-2017

© Rialtas na hÉireann 2015

An t-ábhar curtha le chéile agus curtha i láthair  
as an bPríomh Oifig Staidrimh.

Is féidir cóipeanna a dhéanamh den ábhar seo  
ach amháin i gcás tráchtála chomh fada agus go  
mbíonn an fhoinsé luaite.

## Ráiteas Straitéise 2015-2017


### Clár Ábhar

	<b>Leathanach</b>
Brollach	3
Réamhrá leis an Árd-Stiúrthóir	5
Sainordú na CSO	7
Ár gCuid Luachanna Treoracha	8
Ár gCreat Straitéiseach - CSO 2020	9
Tá an timpeallacht ina n-oibrímid ag athrú	10
Ráiteas Straitéise na CSO – Nithe Insoláthartha 2015 go 2017	13
<b>Iarscríbhinn 1: Struchtúr Eagraíochtúil</b>	
Grúpa Bainistíochta Sinsearach	16



## Brollach

Fáiltím roimh Ráiteas Straitéise na CSO don tréimhse 2015-2017. Tá an straitéis seo ag tógáil ar an Ráiteas Straitéise 2012-2014 a tháinig roimhe seo agus is ann a mhínítear conas a thabharfaidh an CSO faoi na hathruithe atá tagtha ar an timpeallacht oibríochta sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.



Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoilsiú CSO 2020 ar crealtaach straitéise fhadtéarmach é a chuirfidh athrú ón mbonn aníos chun cinn agus a chuirfidh ar chumas na CSO freastal ar riachtanais a cuid custaiméirí atá ag athrú.

Sa Ráiteas Straitéise 2015-2017 leagtar amach clár oibre uiallmhianach na CSO do chéad trí bliana atá roimhainn. Freagraíonn na spriocanna ardleibhéil atá leagtha amach sa doiciméad do chlár oibre na CSO agus do chlár oibre gach ball foirne na CSO ar leith. Tá obair na CSO ríthábhachtach óir soláthraíonn sí bonn eolais don bplé agus don gcinnteoireacht. Cabhraíonn staitisticí den scoth le daoine na hathruithe a thuiscint atá ag tarlú in eacnamaíocht agus i sochaí na hÉireann.

Táim muiníneach go bhfuil bainisteoireacht agus foireann na CSO dírithe ar fhreastal ar riachtanais a cuid úsáideoirí ilchineálacha agus go deimhin, ar riachtanais a cuid freagóirí. Ina theannta sin tá an CSO ag dul i gceann cláir shuntasaigh chun athrú chun feabhais a chur uirthi féin, rud atá mínithe ina doiciméad creatlach straitéise fhadtéarmach, CSO 2020, agus imreoidh gnóthú na gcuspóirí corparáide atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise tionchar tábhachtach ar ghnóthú na gcuspóirí atá rompu don bhfadtéarma.

Pól Mac Eochaidh TD  
Príomh-Aoire Rialtais agus Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh  
Meán Fómhair 2015



## Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Fáilte chuig ár Ráiteas Straitéise trí bliana nua. Is é seo an chéad Straitéis domsa mar Ard-Stiúrthóir agus is ann a leagtar amach conas a fhreastalóimid ár riachtanais ár gcuid custaiméirí agus na hathruithe nach mór dúinn a dhéanamh chun an sprioc seo a chomhlíonadh.



Tá an Ráiteas Straitéise 2015-2017 seo ag tógáil ar an obair a rinneadh i gcaitheamh 2013, tráth a d'fhorbraíomar straitéis fhadtéarmach seacht mbliana don CSO. Forbraíodh "CSO 2020" tar éis a bheith i mbun pléite le réimse leathan luchtanna leasa. Sa Straitéis 2015-2017 seo cuirtear an tseirbhís don gcustaiméir i gcoilár ár gcuid oibre go léir. Ina theannta sin leagtar béim ar phríomhluachanna na heagraíochta seo againne, is é sin, neamhspleáchas, oibiachtúlacht agus rúndacht. Tá dílseacht do na rudaí seo ríthábhachtach chun muinín an phobail i staitisticí oifigiúla a chothú agus a chur chun cinn tuilleadh.

Tá fás suntasach tagtha ar an éileamh ar fhaisnéis agus ar chastacht an éilimh le blianta beaga anuas. Sa straitéis seo gabhaimid orainn féin dul i mbun clár a dhéanfaidh athrú, clár atá dírithe ar fheabhas leanúnach a chur ar cibé rud atá á sheachadadh againn agus ar an tslí ina ndéantar é a sheachadadh. Tá an saol ina mairimid ag athrú go tapa agus go deimhin is ag síor-athrú atá sé. Chun a bheith ag oibriú i dtimpeallacht den sórt seo ní mór a bheith in ann dul in oiriúint agus nuáil a dhéanamh chun a bheith bainteach le hábhar i gcónaí. Tá a lán dúshlán romhainn mar thoradh ar luas an athraithe le déanaí ach tá deiseanna tagtha chun cinn chomh maith. Díreoidh an CSO ar a bhfuil "indéanta" gan dearmad a dhéanamh ar na dúshláin agus gan ligean dóibh beatha na ngéag a bhaint aisti.

I dtuairisc Ghrúpa Chomhairligh Neamhspleách d'Ard-Rúnaí na NA um an Réabhlóid Sonraí d'Fhorbairt Inbhuanaithe a rinneadh le déanaí díriodh aird ar an tábhacht atá leis an staidreamh oifigiúil. Sa tuairisc cuirtear in iúl gurb iad "Sonraí cuisle na cinnteoireachta agus amhábh na cuntasachta. Murach sonraí ardcháilíochta a thugann eolas dúinn ar na nithe cearta ag an am ceart níorbh fhéidir, nach mór, beartais éifeachtacha a dhearadh ná monatóireacht ná measúnú a dhéanamh orthu."

Is iad ár gcustaiméirí réiteoirí, faoi dheireadh thiar, ar ár straitéis agus mar a d'éirigh léi: An bhfeicfidh siad feabhsú ar cháilíocht agus tráthúlacht? An bhfeicfidh siad réimse táirgí agus bealaí scaipthe nua? An bhfeicfidh siad Córas Staidrimh comhtháite ag teacht chun cinn in Éirinn sna trí bliana atá romhainn amach? Beidh tagarmharcanna den sórt seo mar threoir againn thar shaolré an Ráiteas Straitéise 2015-2017 agus CSO 2020 araon.

Beidh tiomantas agus cumas oiriúnaithe foireann na CSO ríthábhachtach chun ár gcuid cuspóirí corparáideacha a bhaint amach san iomlán agus táim dóchasach go n-éireoidh linn na spriocanna atá curtha sa straitéis a bhaint amach trí chur le chéile.

Is cuma an ag soláthar sonraí dúinn, ag úsáid ár gcuid staitisticí do do chuid oibre nó ag obair don CSO atá tú, tá súil agam go léifidh tú an straitéis seo agus go dtuigfidh tú cad atá á phleanáil againn chun an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin atá romhainn.

**Pádraig Daltún Ard-Stiúrthóir**

**Meán Fómhair 2015**





## Sainordú na CSO

Faoin Acht Staidrimh 1993 is é Sainordú na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) ná:


“Faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cúinsí eacnamaíocha, sóisialta agus ginearálta sa Stát a bhailiú, a thiomsú, a tharraingt amach agus a scaipeadh chun críocha staidrimh.”

Forálann an tAcht sainordú cuimsitheach chun staitisticí oifigiúla a thiomsú ar bhonn neamhspleách oibiachtúil. Cosnaíonn an tAcht rúndacht na faisnéise a chuirtear ar fáil don CSO. Níl cead í a úsáid ach amháin chun críocha staidrimh; ní cead na sonraí faoi rún a scaipeadh ná a chur in iúl ar shlí ar bith eile do thríú páirtithe lena n-áirítear Ranna Rialtais nó comhlachtaí de chuid an Rialtais.

Tá an Oifig ann go príomha chun faisnéis staitistiúil ábhartha neamhspleách den scoth a chur ar fáil d'fhonn freastal ar riachtanais lucht déanta beartais ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, cinnteoirí sa phobal gnó, institiúidí an AE, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meán, taighdeoirí agus an phobail i gcoitinne.

## Ár gCuid Luachanna Treoracha

Seasann ionad neamhspleách na CSO mar a sainmhíodh é san Acht Staidrimh 1993 barrchleachtas idirnáisiúnta maidir le tiomsú staitisticí oifigiúla. Tá an CSO dílis amach agus amach do Bhunphrionsabail na NA maidir le Staitisticí Oifigiúla agus do Chód Cleachtais Eorpach Staidrimh. Inár gcuid oibre ar fad cloímid leis na bunluachanna mar a léirítear anseo thíos iad. Tá siad bunaithe ar phrionsabail idirnáisiúnta:




## Ár gCreat Straitéiseach – CSO 2020

Léiríonn ár Ráiteas Misin “Faisnéis a Sholáthar d’Éirinn” an ról lárnach atá againn i soláthar faisnéise ardcháilíochta chuig lucht déanta beartais agus saoránaigh araon. Ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh chun ár ról a chomhlíonadh, rud ar a n-áirítear staitisticí oibiachtúla neamhspleácha a bhailiú, a thiomsú agus a fhoilsiú ar shlí chomh héifeachtach agus chomh éifeachtúil ó thaobh costais de agus is féidir chun go mbeidh ar ár gcumas freastal ar an éileamh ar shonraí staitistiúla méadaithe.

In 2013 d’fhoilsigh an CSO creat straitéiseach uailmhianach a bhí dírithe ar ár modh oibriúcháin a fhorbairt agus a athrú ón mbonn thar tréimhse seacht mbliana go 2020. Sa chreatlach seo, CSO 2020, mínítear an gá le hathrú, conas a athróimid ón mbonn ár modh oibre agus ár bhfís faoi ionad na hoifige faoin mbliain 2020.

Tugann CSO 2020 creat straitéiseach dúinn ina dtugtar mionsonrú ar na spriocanna agus an treo straitéiseach a chuirfidh ar ár gcumas feidhmiú de réir ár Ráiteas Straitéise. Tá an straitéis dírithe ar fhócas na CSO a oiriúnú agus a athrú de réir riachtanas na n-úsáideoirí sonraí atá ag athrú. Agus sin á dhéanamh againn tá eagraíocht nua-aimseartha réamhghníomhach sholúbtha á cruthú againn. Tá CSO 2020 bunaithe ar na cúig chatagóir seo a leanas:



## Tá an timpeallacht ina n-oibrímid ag athrú

### ◆ **An Córas Staidrimh Eorpach (ESS)**

Is é an ESS ann ná comhpháirtíocht idir Eurostat, Oifig Staidrimh an AE, na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta sna ballstáit agus údarais náisiúnta eile atá freagrach as forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staitisticí Eorpacha. Is é príomhchuspóir an ESS ná ráthaíocht a thabhairt gur féidir staitisticí Eorpacha a tiomsaíodh sna ballstáit, a chur i gcomparáid lena chéile, go bhfuil siad iontaofa, go mbaineann siad le hábhar agus gur féidir iad a úsáid. Tá Eurostat ag teorú na hoibre trí staidreamh a chur chun cinn trasna teorainneacha tíortha agus a chinntiú go bhfuil staitisticí Eorpacha comhchuibhithe ardcháilíochta ar fáil. Tá tuairim is 90% d'obair na CSO á tiomáint ag reachtaíocht staidrimh Eorpach (Eurostat agus an Banc Ceannais Eorpach).

Geallann an CSO go bhforbróidh sí an Córas Staidrimh Eorpach tríd an gclár Vision 2020 de chuid an ESS a ghlacann cur chuige uilíoch chun gnóthachain a bhaint amach ó thaobh cáilíochta agus éifeachtachta de. Sa chlár Vision 2020 de chuid an ESS tugtar mionléiriú ar chur chuige an chórais Eorpaigh i leith staitistice agus é ag tapú deiseanna atá chugainn mar thoradh ar an trasfhoirmiú digiteach agus foinsí sonraí atá ag teacht chun cinn; cuirtear cáilíocht mar ghné uileghabhálach sa phróiseas táirgthe staitisticí; moltar modhanna nua comhair agus leagtar béim ar thábhacht an scaipthe agus rannpháirtíocht an úsáideora chun feabhsuithe leanúnacha a chur chun cinn.

### ◆ **Córas Staidrimh na hÉireann**

Anseo in Éirinn, is í an CSO a tháirgeann staitisticí oifigiúla mar aon le roinnt ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí stáit eile. I gCóras Staidrimh na hÉireann cuimsítear na codanna siúd den eamail phoiblí a bhfuil baint acu le bailiú, tiomsú nó scaipeadh staitisticí oifigiúla.

Cé go raibh smaoineamh 'Córas Staidrimh na hÉireann' beartaithe go soiléir nuair a dréachtaíodh an Acht Staidrimh 1993 ba é an Bord Staidrimh Náisiúnta (NSB) a chuir an coincheap i bhfírial i gcéadúair sa sa 'Straitéis don Staitistic 2003-2008' dá chuid (NSB, 2003a), cáipéis a chuaigh i bhfeidhm go mór ar fhorbairtí ina dhiaidh.

Deich mbliana tar éis an straitéis a bheith foilsithe ba ghaspriosc thábhachtach eile é seoladh an Chód Chleachtas do Chóras Staidrimh na hÉireann i bhforbairt fhoirmiúil agus in aithint an chórais seo. D'fhonn tacú leis an gCód seoladh suíomh gréasáin nua ([www.isscop.ie](http://www.isscop.ie)) mar aon le lógó foirmiúil mar chabhair chun branda a thabhairt don gcód agus don gcóras féin.

Go ginearálta, mhol an NSB gur chóir do chóras staidrimh a bheith mar seo a leanas: á thiomáint ag riachtanais; dírithe ar an úsáideoir; deimhnithe ó thaobh cáilíochta de; éifeachtach ó thaobh costais de. Ba é ceann de na príomhchrainn-taca i straitéis an NSB ná go mbeadh an CSO ag obair le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais chun an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as sonraí riaracháin chun staitisticí oifigiúla a ghiniúint.

Tá an CSO dírithe go mór a acmhainneacht staitistiúil atá i bhfoinsí sonraí atá againn cheana féin a shaothrú. Agus foinsí sonraí riaracháin á saothrú is é a bheith mar phríomhghné chun rath a bhaint amach ná Bonneagar Sonraí Náisiúnta a fhorbairt a chuirfidh ar ár gcumas foinsí sonraí riaracháin ó eagraíochtaí poiblí a nascadh trí aitheantóirí uathúla a úsáid. Cé go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta níl Córas Staidrimh atá cónasctha ina iomláine bainte amach againn go fóill.

Le chois bonneagar sonraí náisiúnta a fhorbairt tá an CSO ag obair le comhlachtaí poiblí chun an Cód Cleachtas do Chóras Staidrimh na hÉireann a achtú. Is ann a leagtar amach na caighdeáin do thiomsú Staitisticí Oifigiúla a dhéanann comhlachtaí poiblí. Ar an gcuma seo cinnteofar go bhfuil rochtaineacht, trédhearacht agus comhsheasmhacht níos mó á cur i bhfeidhm i dtáirgeadh na Staitisticí Oifigiúla uile. Lena chois sin gabhann riachtanas leis na hathbhreithnithe ar rialachán an AE ar Staidreamh Eorpach sa mhéid go bhfuil ar an CSO gníomhaíochtaí staitistiúla na n-údarás náisiúnta go léir a chomhordú atá

freagrach as forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staitisticí Eorpacha.

◆ **Slándáil Sonraí**

Agus méideanna ollmhóra sonraí a bheith ar fáil ó fhoinsí tánaisteacha (is é sin, sonraí riaracháin, Sonraí Móra agus foinsí sonraí príobháideacha), agus an gá le haitheantóirí staitistiúla nua a chruthú ó fhoinsí sonraí nasctha, beidh a lán dúshlán romhainn i réimsí an tslándáil sonraí, príobháideachais agus rúndachta. Ní mór don CSO cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le freastal ar an éileamh ar aschuir staitistiúla nua trí fhoinsí sonraí tánaisteacha a úsáid agus, ag an am céanna, a chinntiú go ngéilltear do chosaint sonraí agus riachtanais príobháideachais. Chuige seo beidh an CSO i dteagmháil is an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí d'fhonn creatlach a chur le chéile a éascóidh roinnt agus meaitseáil sonraí a léiríonn meas ar phríobháideachais an duine aonair ach a chuireann ar ár gcumas staitisticí oifigiúla a thiomsú mar sin féin.

◆ **Cumarsáid agus Scaipeadh**

Is mór líon na ndúshlán atá roimh staitisteoirí oifigiúla. Is dúshlán leanúnach é muinín an phobail i staitisticí oifigiúla a choinneáil agus a neartú. Ina theannta sin tá orainn féachaint ar dhúshlán i gcomhthéacs na díospóireachta faoi “cháilíocht nó tráthúlacht”. I ndomhan an lae inniu atá ag athrú go tapa agus atá go mór chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de ar shlí nach gá duit ach do mhéar a leagan ar an scáileán chun teacht ar faisnéis, tá seans nach bhfuil an oiread sin measa ag úsáideoirí ar staitisticí a tháirgtear go mall agus le cúram níos mó. Mar sin féin ní mór staitisticí oifigiúla a tháirgeadh ar chaoi bhreithnithe atá fóna ó thaobh modheolaíochta de. Ní mór gan géilleadh don gcathú an cháilíocht a thréigean ar mhaithe le táirgí a chuirtear amach go mear go caoithiúil. Ina dhiaidh sin agus uile tá freagracht orthu siúd a tháirgeann staitisticí oifigiúla oibriú chun freastal ar riachtanais saoránach na linne seo san aois dhigiteach agus úsáideoirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí atá ag staitisticí oifigiúla i gcomórtas le foinsí eolais nach bhfuil chomh dian leo.

De bhreis air seo ní mór dúinn a chinntiú go ndéanfaimid faisnéis agus eolas de na staitisticí agus na sonraí. Thar saolré na Straitéise díreofar go mór ar táirgí nua agus bealaí scaipthe nua a fhorbairt, rudaí lena n-áirítear úsáid níos forleithne a bhaint as teicnící léirshamhlaithe sonraí.

◆ **Modhanna táirgthe nua agus gnóthachain éifeachtachta**

Fiosróidh an CSO slite nua chun sonraí a bhailiú, modh bailiúcháin measctha, bailiúchán sonraí gréasánbhunaithe agus saothrú foinsí sonraí tánaisteacha san áireamh.

Leanfaimid de thionscnaimh chun an t-ualach freagartha atá ar ár bhfreagróirí a laghdú an oiread agus is féidir. Áirítear air seo go n-úsáidfear níos mó sonraí riaracháin agus sonraí a shaothraíonn acmhainneacht Sonraí Móra. Tugann sé seo an deis dúinn leas a bhaint as foinsí sonraí atá ann cheana, ár spleáchas ar fhoinsí traidisiúnta níos costasaí a laghdú agus costais a laghdú agus clúdach agus tráthúlacht b'fhéidir, a fheabhsú.

Leanfaimid orainn ag obair d'fhonn foinsí Sonraí Móra a aimsiú agus a shaothrú ar mhaithe le staitisticí oifigiúla. Ach bíodh is go dtabharfaidh Sonraí Móra a lán deiseanna dúinn ní mór dúinn gan dearmad a dhéanamh nach bhfuilimid ach i mbun forbartha ó thaobh Sonraí Móra de. Mar phobal staitistiúil níl ach iarracht á déanamh againn go dtí seo chun foinsí Sonraí Móra sonracha a aimsiú a bhfuil ar a gcumas tacú linn, agus a thacóidh linn Staitisticí Oifigiúla a tháirgeadh agus a scaipeadh. Mar chuid den bpróiseas seo caithfimid ár gcuid úsáideoirí a chur ar an eolas faoi fhorbairtí chun nach mbeidh siad ag súil ach le rudaí ar féidir iad a bhaint amach agus atá réadúil.

Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar úsáid Staitisticí Oifigiúla mar bhonn eolais do bheartas poiblí agus cinnteoireacht, rud as a leanann go ndéantar níos mó iniúchadh foirmiúil ar chórais staidrimh náisiúnta agus ar thiomsú táscairí eacnamaíochta. Fáiltíonn an CSO roimh an bhéim seo agus geallann sí na leibhéil ardaithe iniúchta a chomhlíonadh.

◆ **Níos mó Éilimh ón Úsáideoir**

Tiomsaítear mórchuid de staitisticí oifigiúla de réir reachtaíocht an AE agus baintear níos mó úsáid de réir a chéile as staitisticí chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí i bríomhréimsí beartais. Is

dúshlán é seo don CSO agus cothromaíocht á baint amach againn idir riachtanais na n-úsáideoirí náisiúnta agus riachtanais éigeantacha i rialachán an AE.

Lasmuigh de na riachtanais ar shonraí agus obair maidir le dearbhú cáilíochta a bhfuil gá léi mar thoradh ar tuilleadh maoirseachta ar tháscairí maicreacnamaíocha tá líon riachtanais sonraí nach beag tagtha chun cinn le blianta beaga anuas. Tá aschuir bhreise againn ag leibhéal an AE agus an leibhéal náisiúnta mar thoradh ar éileamh ón úsáideoir i réimsí na Sláinte, an Oideachais Aosaigh, Praghsanna Tithe agus Comhshaoil. Ní thiocfaidh deireadh leis an éileamh ar staitisticí, mar sin ní mór dúinn a bheith freagrach agus gníomhach i gcónaí chun freastal ar na héilimh mhéadaithe seo ón Eoraip, ó úsáideoirí náisiúnta agus príomhluchtanna leasa.

◆ ***Athnuachan na Státseirbhíse***

Tá an CSO tiomanta go huile agus go hiomlán do chlár leanúnach an athchóirithe sa Státseirbhís atá ag féachaint le cumas a chothú chun freagairt do dhúshlán reatha agus dúshlán atá chugainn agus chun feidhmíocht na Státseirbhíse agus a cuid foirne a chur chun cinn. Sa Phlean um Athnuachan na Státseirbhíse tá creatlach chun an sprioc sin a bhaint amach i gcaitheamh na dtí bliana seo chugainn. Sa Phlean seo mínítear fíis don Státseirbhís agus athruithe praiticiúla a chruthóidh Státseirbhís níos proifisiúnta, níos freagarthaí, níos oscailte agus níos cuntasáí atá ag gníomhú ar shlí níos comhaontaithe agus ag soláthar seirbhíse den chéad scoth don Stát agus do phobal na hÉireann. Tabharfar an phríomhthosaíocht do cheannaireacht láidir agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcur i ngníomh an chláir seo um athrú sa tréimhse. Mar chuid de chur i ngníomh Clár Athnuachana na Státseirbhíse déanfaidh an CSO Suirbhé Bliantúil ar Rannpháirtíocht Fostaithe don Státseirbhís. Cuirfear tús leis seo in 2015.

## Ráiteas Straitéise na CSO – Nithe Insolátharta 2015 go 2017

D'fhonn ár misean a bhaint amach agus déileáil leis na dúshlán atá roimh an staidreamh oifigiúil, déanfaidh an CSO na nithe seo a leanas:

1. **Clár oibre** staitistiúil bliantúil a éilítear faoi reachtaíocht an AE a chomhlíonadh.
2. Cinntiú go bhfuil córas staidrimh proifisiúnta neamhspleách ardcháilíochta ag Éirinn a thugann faisnéis chomh maith agus is féidir dár gcustaiméirí, ar shlí a sheasann mionscrúdú idirnáisiúnta agus a chomhlíonann na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.
3. Tógáil ar an tuiscint atá aici ar ghá an chustaiméara agus an úsáideora le sonraí, agus caidrimh a fhorbairt d'fhonn éilimh a bheidh againn amach anseo agus bealaí seachadaithe a aithint le chéile. Go sonrach, ní mór dúinn na príomhriachtanais custaiméara a thabhairt san áireamh mar seo a leanas:
  - » Caithfidh **an rialtas agus lucht déanta beartais** a bheith ar an eolas faoi fheidhmíocht na hÉireann, tá sonraí uathu chun beartais a chumadh d'fhonn cúinsí eacnamaíochta agus sóisialta a fheabhsú agus tá fianaise uathu chun torthaí beartais a mheas.
  - » Tá faisnéis oibiachtúil neamhspleách neamhchlaonta **ó shaoránaigh na hÉireann** chun cabhrú leo cinntí pearsanta agus cinntí gnó níos fearr a dhéanamh.
  - » Tá sonraí tráthúla, comhchuibhithe den scoth ó **Eurostat** agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile chun sonraí ar féidir iad a chur i gcomparáid go hidirnáisiúnta a tháirgeadh.
  - » Ní mór dár **soláthraithe sonraí** a bheith ar an eolas nach bhfuil á lorg againn ach faisnéis fhíorriachtanach, go bhfuilimid ag obair go leanúnach chun an t-ualach a íoslaghdú agus go gcaithimid lena gcuid sonraí faoi dhianrún.
4. Córas staidrimh na hÉireann a fhorbairt de réir na gcumhachtaí reachtaíochta a thugann an tAcht Staidrimh 1993, an t-athbhreithniú ar Rialachán an AE ar staidreamh Eorpach (lena n-áirítear comhordú gníomhaíochtaí staidrimh de chuid Údarás Náisiúnta Eile), agus de réir Straitéis an Bhord Staidrimh Náisiúnta 2015-2020.
5. Straitéis scaipthe nua a fhorbairt tá dírithe ar fhreastal ar riachtanais réimse leathan ár gcuid úsáideoirí agus sinne ag obair go háirithe chun faisnéis agus eolas a dhéanamh de na sonraí agus na staitisticí. Forbróimid táirgí agus bealaí scaipthe nua agus leagfaimid béim shonrach ar amharcléiriú staitisticí oifigiúla.
6. Sonraí comhiomlána a fhoilsiú i bhformáid Sonraí Oscailte (formáid shaor inléite ag inneall) a bhfuil ar a cumas staitisticí a chur ar fáil go forleathan agus a spreagfaidh úsáideoirí chun athúsáid a bhaint as staitisticí poiblí.
7. Creatlach bhainistithe den scoth a fhorbairt a chuireadh córas meadrachtaí do cháilíocht sonraí, caighdeáin mheiteashonraí agus doiciméadú láidir chun muinín an phobail i staitisticí oifigiúla a aththreisiú.
8. Clár Nua-aoisithe a chur i ngníomh a chuireadh:
  - » Úsáid níos forleithne foinsí tánaisteacha sonraí lena n-áirítear sonraí riaracháin agus sonraí móra, d'fhonn éilimh úsáideoirí a shásamh ar chuma éifeachtúil éifeachtach agus an t-ualach ar fhreagróirí a íoslaghdú;
  - » Ailtireacht fhiontair a leabú mar dhisciplín i dTFC;
  - » Múnlaí bailithe sonraí níos éifeachtaí a thabhairt isteach (m. sh. agallaimh teileafóin ríomhchuidithe, bailiú sonraí gréasán-bhunaithe);

- » Leas a bhaint as córais faisnéise gheografacha (Eircódanna san áireamh);
  - » Athbhreithniú ar phróiseas gnó a leabú tríd an mhodheolaíocht Lean Six Sigma a úsáid mar chultúr seachas mar chlár oibre;
  - » Múnlaí phróiseas nua-aoisithe staitistiúil a leabú agus ionstraimí um fhorbairt foirne a chur i ngníomh go céimneach (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Forbairt Phearsanta agus clár scileanna san áireamh);
9. Daonáireamh a dhéanamh in 2016 agus gach tuairisc a tháirgeadh agus a fhoilsiú sa thráthchlár comhaontaithe;
  10. Úsáid ár gcuid sonraí a chur chun cinn trí rochtain éifeachtach ar mhicreashonraí a thabhairt do thaighdeoirí faoi réir forálacha rúndachta (lena n-áirítear córas slán cianrochtana);
  11. Rannpháirtiú go cuiditheach ag an leibhéal idirnáisiúnta d'fhonn a chinntiú go mbeidh a lán tionchair ag an CSO maidir le nua-aoisiú agus forbairt an Staidrimh Oifigiúil a mhúnlú ar an leibhéal domhanda.



# **Iarscríbhinn 1: Struchtúr Eagraíochtúil**

# Grúpa Bainistíochta Sinsearach

